



Suí iomlánach

A9-0124/2020

25.6.2020

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartas fostaíochta na mBallstát
(COM(2020)0070 – C9-0079/2020 – 2020/0030(NLE))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: José Gusmão

Siombailí don nós imeachta

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar an dréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
---	---

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais
fostaíochta na mBallstát
(COM(2020)0070 – C9-0079/2020 – 2020/0030(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2020)0070),
 - ag féachaint d’Airteagal 148(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0079/2020),
 - ag féachaint do Rial 82 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0124/2020),
1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
 3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl don Pharlaimint má tá sé beartaithe aici imeacht ón téacs a d’fhorghéas an Parlaimint;
 4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;
 5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Leasú 1

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Oibreoidh na Ballstáit agus an tAontas ***i dtreo*** straitéis chomhordaithe le haghaidh fostaíocht a fhorbairt, agus go háirithe chun lucht saothair sciliúil, oilte ***agus solúbtha*** a chur chun cinn, chomh maith le margaí saothair atá in ann a bheith freagrúil i leith athruithe eacnamaíocha,

Leasú

(1) Tá na Ballstáit agus an tAontas le straitéis éifeachtach agus chomhordaithe le haghaidh fostaíochta ***a fhorbairt agus a chur chun feidhme*** agus go háirithe le haghaidh lucht saothair sciliúil, oilte a chur chun cinn, chomh maith le margaí saothair atá ***dinimiciúil, atá dírithe ar an todhchaí***

d'fhonn cuspoirí na lánfhostaíochta, an dul chun cinn shóisialta, **an fháis chothroim** agus ardleibhéil cosanta agus feabhais maidir le mianach an chomhshaoil a bhaint amach, **mar a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach**. Measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn é cur chun cinn na fostaíochta agus déanfaidh siad a ngníomhaíocht ina leith seo a chomhordú i dtionól na Comhairle, agus cleachtais náisiúnta **a bhaineann le freagrachtaí an lucht bainistíochta** agus an lucht saothair **á gcur san áireamh**.

agus atá in ann a bheith freagrúil i leith athruithe eacnamaíocha, d'fhonn cuspoirí na lánfhostaíochta, an dul chun cinn shóisialta, na cuimsitheachta, **an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh**, agus an ardleibhéil cosanta agus feabhais do mhianach an chomhshaoil a bhaint amach. Measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn é cur chun cinn na fostaíochta **ardcháilíochta atá bunaithe ar chomhionannas deiseanna agus ar cheartas sóisialta** agus déanfaidh siad a ngníomhaíocht ina leith seo a chomhordú i dtionól na Comhairle, agus fós cleachtais náisiúnta **agus neamhspleáchas comhpháirtithe sóisialta a urramú**. **Mar gheall ar an staid reatha arbh í paindéim COVID-19 ba shiocair leis, ag a mbeidh tionchar tromchúiseach agus fadtéarmach ar mhargaí saothair an Aontais, ar an gceartas sóisialta agus ar dhálaí oibre, caithfear gníomhaíocht nach ndearnadh a leithéid riamh roimhe seo a dhéanamh chun tacú leis an bhfostaíocht, chun borradh a chur faoin ngeilleagar agus chun an creatlach tionsclaíoch a neartú. Caithfear gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun gnóthais agus oibrithe a chosaint ar chailleanais fostaíochta agus ioncaim láithreacha, agus chun cuidiú le suaitheadh eacnamaíoch agus sóisialta na géarchéime a choinneáil faoi smacht agus chun cailleanais ollmhóra post agus cúlú mór a chosc.**

Leasú 2

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Déanfaidh an tAontas an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú **a chomhrac** agus an chosaint agus an ceartas sóisialta a chur chun cinn, chomh maith leis an gcomhionannas idir mná agus fir, an

Leasú

(2) **Chun a phrionsabail bhunaidh - an comhtháthú sóisialta agus an tsíocháin - a chomhlíonadh go hiomlán, níos mó fós fiú amháin tráth géarchéime doimhne a bhfuil dúshlán roimh na prionsabail**

dlúthpháirtíocht idir na glúine agus an chosaint ar chearta an linbh a chur chun cinn. Na ceanglais atá nasctha le cur chun cinn **ardleibhéil** fostaíochta, le cosaint shóisialta **leormhaith** a ráthú, leis **an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta** agus le hardleibhéal oideachais agus oiliúna, déanfaidh an tAontas iad a chur san áireamh agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, mar a leagtar amach in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

sin lena linn, ba cheart don Aontas an comhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta agus idirdhealaithe **a bheith mar phríomhthosaíocht pholaitiúil aige** agus ba cheart dó ceartas agus cosaint shóisialta a chur chun cinn, chomh maith le comhionannas idir mná agus fir, dlúthpháirtíocht idir na glúine, **cuimsiú daoine faoi mhíchumas**, agus cosaint chearta an linbh agus **grúpaí eile atá go mór faoi mhíbhuntáiste**. Agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, cuirfidh an tAontas san áireamh ceanglais atá nasctha le cur chun cinn **chosaint na sláinte poiblí, margáí saothair cuimsitheacha, ardcháilíochta agus na lánfhostaíochta, le seirbhísí poiblí ardcháilíochta atá inrochtana agus inacmhainne, tuarastail chuibhiúla, caighdeán maireachtála cuibhiúil** agus cosaint shóisialta **do chách** a bheith ann, mar aon le hardleibhéal oideachais agus oiliúna **i rith saol daoine** mar a leagtar amach in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Leasú. 3

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) I gcomhréir leis an **gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** (CFAE), d'fhorbair an tAontas ionstraimí comhordaithe beartas um bheartais eacnamaíocha agus fostaíochta, chomh maith lena gcur chun feidhme. Ina gcáil mar chuid de na hionstraimí sin, is iad na Treoirí reatha le haghaidh Bheartais Fostaíochta na mBallstát, in éineacht le Mór-Threoirí Bheartais Eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais a leagtar amach i Moladh (AE) **2015/1184** (°), ón gComhairle, is bonn leis na Treoirí Comhtháite. Is leosan a dhéanfar cur chun

Leasú

(3) I gcomhréir le **CFAE**, rinne an tAontas ionstraimí comhordaithe beartas um bheartais eacnamaíocha agus fostaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ina gcáil mar chuid de na hionstraimí sin, is iad na Treoirí reatha le haghaidh Bheartais Fostaíochta na mBallstát, in éineacht le Mór-Threoirí Bheartais Eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais a leagtar amach i Moladh (AE) **2015/1184** (°), ón gComhairle, is bonn leis na Treoirí Comhtháite. Ní **mór dóibh tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, le Colún Eorpach na gCeart**

feidhme beartais a threorú sna Ballstáit agus san Aontas, agus léireofar an t-idirspeáchas atá ann idir na Ballstáit. Is é a bheith sa taca beartas agus athchóirithe comhordaithe idir an leibhéal Eorpach agus an leibhéal náisiúnta a eascraíonn as an méid sin, meascán beartas iomchuí inbhuanaithe foriomlán maidir le cúrsaí geilleagair agus fostaíochta, ar cheart dó éifeachtaí iarmharta dearfacha a bheith aige.

⁵ Moladh (AE) 2015/1184 an 14 Iúil 2015 ón gComhairle maidir le mór-threoirlínte i leith beartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (OI L 192, 18.7.2015, lch. 27).

Leasú 4

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Tá na Treoirlínte le haghaidh na mBeartas Fostaíochta comhsheasmhach leis **an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis**, le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus le tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú ⁽⁶⁾, Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú sa mhargadh saothair ⁽⁷⁾, Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uas-scilithe ⁽⁸⁾, Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí

Sóisialta (Colún), le Cairt Shóisialta na hEorpa arna hathbhreithniú, le Comhaontú Pháras agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus cur chun feidhme beartais a threorú sna Ballstáit agus san Aontas, lena léireofar an t-idirspeáchas atá ann idir na Ballstáit. Is é a bheith sa taca beartas agus athchóirithe comhordaithe idir an leibhéal Eorpach agus an leibhéal náisiúnta a eascraíonn as an méid sin, meascán beartas iomchuí inbhuanaithe foriomlán maidir le cúrsaí geilleagair agus fostaíochta, ar cheart dó éifeachtaí iarmharta dearfacha a bheith aige, **agus fós an meath ar an gcumhdach cómhargála a chur ina cheart arís.**

⁵ Moladh (AE) 2015/1184 an 14 Iúil 2015 ón gComhairle maidir le mór-threoirlínte i leith beartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (OI L 192, 18.7.2015, lch. 27).

Leasú

(4) Tá na Treoirlínte le haghaidh na mBeartas Fostaíochta comhsheasmhach leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus le tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú ⁽⁶⁾, Moladh ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú sa mhargadh saothair ⁽⁷⁾, Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uas-Scilithe: **Deiseanna nua do Dhaoine Fásta** ⁽⁸⁾, Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus

Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha ⁽⁹⁾, Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le Príomhinniúlachtaí agus Foghlaim ar feadh an tSaoil ⁽¹⁰⁾, Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige *ar Ardchúilíocht* ⁽¹¹⁾ agus Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta ⁽¹²⁾.

Éifeachtacha ⁽⁹⁾, Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le Príomhinniúlachtaí d'fhoghlaim ar feadh an tSaoil ⁽¹⁰⁾, Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige *ar Ardchúilíocht* ⁽¹¹⁾ agus Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta *d'oibrithe agus do dhaoine féinhostaithe* ⁽¹²⁾. *Tar éis an chinnidh ón gComhairle an 23 Márta 2020 chun an 'Clásal Ginearálta Éalaithe', mar a thugtar uirthi, a ghníomhachtú, is féidir leis na Ballstáit solúbthacht fhioscach a fheidhmiú chun poist agus dálaí oibre ardchúilíochta a chur chun cinn agus a chosaint agus chun seirbhísí poiblí sláinte agus sóisialta a mhaoiniú. Caithfidh fad chur i bhfeidhm an 'chlásail ghinearálta éalaithe' gné agus fad ghéarchéim COVID-19 a léiriú. Ar bhonn chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin, ba cheart scrúdú a dhéanamh i dtaobh cé na slite a d'fhéadfaí rialacha fioscacha an Aontais a fhorbairt.*

⁶ IO C 120, 26.4.2013, lch. 1.

⁷ IO C 67, 20.2.2016, lch. 1.

⁸ IO C 484, 24.12.2016, lch. 1.

⁹ IO C 153, 2.5.2018, lch. 1.

¹⁰ IO C 189, 4.6.2018, lch. 1-13

¹¹ IO C 189, 5.6.2019, lch. 4-14

¹² IO C 387, 15.11.2019, lch. 1-8

⁶ IO C 120, 26.4.2013, lch. 1.

⁷ IO C 67, 20.2.2016, lch. 1.

⁸ IO C 484, 24.12.2016, lch. 1.

⁹ IO C 153, 2.5.2018, lch. 1.

¹⁰ IO C 189, 4.6.2018, lch. 1-13

¹¹ IO C 189, 5.6.2019, lch. 4-14

¹² IO C 387, 15.11.2019, lch. 1-8

Leasú 5

Togra le haghaidh cinnidh

Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) Comhcheanglaíonn an Seimeastar Eorpach ionstraimí éagsúla le chéile i

Leasú

(5) Comhcheanglaíonn an Seimeastar Eorpach ionstraimí éagsúla le chéile i

gcreat uileghabhálach um chomhordú agus um fhaireachas comhtháite iltaobhach ar bheartais eacnamaíocha **agus** fostaíochta. Agus inbhuanaitheacht comhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht á saothrú aige, **comhtháthaíonn** an Seimeastar Eorpach prionsabail Cholún **Eorpach na gCeart Sóisialta**, lena n-áirítear rannpháirtíocht **láidir** le comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe leasmhara eile. **Tacaíonn sé** leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach ⁽¹³⁾. Ba cheart beartais fostaíochta agus eacnamaíocha an Aontais agus na mBallstát a bheith fite fuaite le haistriú na hEorpa chuig geilleagar digiteach, aeráidneodrach, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus iomaíochas a fheabhsú, nuálaíocht a chothú, ceartas sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn san am céanna, chomh maith le dul i ngleic leis an neamh-chomhionannas agus le héagothromaíochtaí réigiúnacha.

gcreat uileghabhálach um chomhordú agus um fhaireachas comhtháite iltaobhach ar bheartais eacnamaíocha, fostaíochta, **shóisialta agus chomhshaoil. Caithfidh an Seimeastar Eorpach an inbhuanaitheacht, an cuimsiú sóisialta agus dea-bhail na ndaoine a chur i gcroílár cheapadh beartais eacnamaíoch an Aontais, trína n-áiritheofar go dtabharfar an tosaíocht chéanna do chuspóirí sóisialta, comhshaoil agus geilleagair.** Agus inbhuanaitheacht comhshaoil, táirgiúlacht, cothroime agus cobhsaíocht á saothrú aige, ba cheart don Seimeastar Eorpach prionsabail an Cholúin **a chomhtháthú tuilleadh**, lena n-áirítear rannpháirtíocht **níos láidre** leis **na** comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe leasmhara eile **agus ba cheart dó tacú le** seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ⁽¹³⁾, **lena n-áirítear an comhionannas inscne. D'fhéadfadh an t-innéacs comhionannais inscne feidhmíú mar cheann d'uirlisí an tSeimeastair chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna fostaíochta agus sóisialta agus chun éifeachtaí inscne beartas fostaíochta agus sóisialta a thomhas.** Ba cheart beartais fostaíochta agus eacnamaíocha an Aontais agus na mBallstát a bheith ag gabháil bonn ar bhonn le **freagairt na hEorpa don ghéarchéim, agus ba cheart dóibh freisin, i bhfianaise éifeachtaí sách tromchúiseach na géarchéime seo ar earnálacha tionscail agus gnó áirithe Eorpacha, tacú leis** an aistriú chuig geilleagar a bheidh aeráidneodrach, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, **cuimsitheach ar bhonn sóisialta** agus digiteach, lena n-áiritheofar cóineasú sóisialta aníos agus fós iomaíochas a fheabhsú, **tacú le FBManna**, nuálaíocht a chothú, ceartas sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn **agus infheistíocht a dhéanamh san ógra,** chomh maith le dul i ngleic le neamhionannais agus le

Leasú 6

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) ***Déanfaidh*** an t-athrú aeráide agus dúshláin chomhshaoil, an domhandú, an digitiú agus an t-athrú déimeagrafach geilleagair agus sochaithe na hEorpa ***a athrú ó bhonn***. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit oibriú le chéile chun ***aghaidh a thabhairt ar bhealach éifeachtach ar na cúinsí struchtúracha sin*** agus chun na córais atá i bhfeidhm cheana a oiriúnú mar is gá, agus aithint á tabhairt don dlúth-idirthuilleamaíocht idir geilleagair, margair saothair agus beartais ***ghaolmhara*** na mBallstát. Éilíonn na cuspóirí sin gníomhaíocht beartais comhordaithe uailmhianach éifeachtach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, ***i gcomhréir le forálacha CFAE agus an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch***. Ba cheart go gcuimseofaí sa ghníomhaíocht beartais seo borradh faoin infheistíocht ***inbhuanaithe, tiomantas athnuaite i leith athchóirithe struchtúracha atá leagtha amach go hiomchuí agus a chuireann feabhas ar an táirgiúlacht, ar an bhfás eacnamaíoch, ar an gcomhtháthú sóisialta agus críochach, ar an gcóineasú aníos, ar an athléimneacht agus ar fheidhmiú na freagrachta fiosaí***. Ba cheart di seachbhearta soláthair agus éilimh a chomhcheangail le chéile, agus an tionchar a bheidh acu ar chúrsaí comhshaoil, fostaíochta agus sóisialta a chur san áireamh san am céanna.

héagothromaíochtaí réigiúnacha.

Leasú

(6) Tá an t-athrú aeráide agus dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaoil, an domhandú, an digitiú agus an t-athrú déimeagrafach ***ag athrú*** gheilleagair agus sochaithe na hEorpa ó bhonn. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit oibriú le chéile chun ***freagairt don staid gan fasach seo trí chearta sóisialta a leabú agus trí bheith ag obair i dtreo laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht agus neamhionannas*** agus córais atá ann cheana a oiriúnú ***chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht a neartú***, agus aitheantas á thabhairt don dlúth-idirthuilleamaíocht idir geilleagair, margair saothair agus ***beartais shóisialta agus chomhshaoil*** na mBallstát. Éilíonn na cuspóirí sin gníomhaíocht beartais comhordaithe uailmhianach éifeachtach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Ba cheart go gcuimseofaí sa ghníomhaíocht beartais sin borradh faoin infheistíocht ***shóisialta agus chomhshaoil, bearta éifeachtúla agus fadtéarmacha a bhfuil gá leo chun maolú a dhéanamh ar thionchar na géarchéime, agus cúnaimh airgeadais do ghnólachtaí, d'eagraíochtaí neamhbhrabúis agus carthanacha, mar aon le teaghlaigh, go háirithe iad siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh*** shóisialta. Ba cheart di seachbhearta soláthair agus éilimh a chomhcheangail le chéile, ***agus aird chuí á tabhairt ar éileamh an mhargaidh saothair agus ar riachtanais***

*soláthair, agus lena mbaineann úsáid teicneolaíochtaí nua, agus fós a dtionchar comhshaoil, fostaíochta agus sóisialta a chur san áireamh. **Ba cheart do na Ballstáit agus don Aontas ionstraimí fadtéarmacha a ghlacadh ina leith sin agus is díol sásaimh é obair an Choimisiúin ar bhuanascéim Eorpach athárachais dífhostaíochta.***

Leasú 7

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Shínigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dearbhú idirinstiúideach **le haghaidh** Cholún Eorpach **na gCeart Sóisialta** ⁽¹⁴⁾. Sa Cholún, leagtar amach fiche prionsabal agus ceart chun tacú le margaí saothair dea-fheidhmiúla agus cothroma, a roinntear i dtrí chatagóir: comhionannas deiseanna agus rochtain chothrom ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus cosaint agus cuimsiú sóisialta. Leis na prionsabail agus na cearta sin, tugtar treoir don straitéis atá againn **chun** a chinntiú go mbeidh **an t-aistriú** chuig an aeráidneodracht agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, chuig an digitiú agus chuig **an athrú** déimeagrafach cothrom agus cóir go sóisialta. **Is é atá sa** Cholún creat tagartha chun faireachán a dhéanamh ar fhostaíocht agus ar fheidhmíocht shóisialta na mBallstát, **chun athchóirithe a spreagadh ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus chun an ‘ghné shóisialta’ agus ‘gné an mhargaidh’ a thabhairt chun comhthuisceana le chéile i ngeilleagar nua-aimseartha na linne seo, lena n-áirítear tríd an ngeilleagar** sóisialta a chur chun cinn.

Leasú

(7) Shínigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Dearbhú Idirinstiúideach **ar an** gColún ⁽¹⁴⁾. Sa Cholún, leagtar amach fiche prionsabal agus ceart chun tacú le margaí saothair dea-fheidhmiúla agus cothroma, a roinntear i dtrí chatagóir: comhionannas deiseanna agus rochtain chothrom ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus cosaint agus cuimsiú sóisialta. Leis na prionsabail agus na cearta sin, tugtar treoir don straitéis atá againn **agus ní mór gníomhú ina leith chun** a chinntiú go mbeidh **an t-aistriú** chuig an aeráidneodracht agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, chuig an digitiú agus chuig **cothromaíocht** dhéimeagrafach **nua** cothrom agus cóir go sóisialta. **I bhfianaise gurb** é atá sa Cholún **agus ina phrionsabail** ná creat tagartha chun faireachán a dhéanamh ar fhostaíocht agus ar fheidhmíocht shóisialta na mBallstát, **is féidir na Treoirlínte Fostaíochta a bheith ina n-uirlis thábhachtach do na Ballstáit i ndáil le beartais agus bearta a fhorbairt le haghaidh sochaí agus geilleagar atá níos athléimní agus níos cuimsithí agus fós cearta saothair a chur chun cinn agus cuspóir an chóineasaithe aníos á shaothrú, chun an múnla Sóisialta**

¹⁴ IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

¹⁴ IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

Leasú 8

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) Athchóirithe ar an margadh saothair, lena n-áirítear sásraí náisiúnta socraithe pá, ba cheart ***go leanfaidís cleachtais náisiúnta an idirphlé shóisialta*** agus an deis is gá a thabhairt chun breithniú fairsing a dhéanamh ar shaincheisteanna socheacnamaíocha, lena n-áirítear feabhsuithe ar an inbhuanaitheacht, ar an iomaíochas, ar an nuálaíocht, ar chruthú ***post***, ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar bheartais oiliúna, ar dhálaí oibre, ar oideachas agus scileanna, ar an tsláinte phoiblí, ar an gcuimsiú agus ar ioncaim iarbhír.

Leasú

(8) ***Agus urraim chuí á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta mar a shainítear in CFAE*** ba cheart go ndéanfadh athchóirithe ar an margadh saothair, lena n-áirítear sásraí náisiúnta socraithe pá, ***téarnamh tapa a chur chun cinn*** agus an deis is gá a thabhairt chun breithniú fairsing a dhéanamh ar shaincheisteanna socheacnamaíocha, lena n-áirítear lena n-áirítear feabhsuithe ar an inbhuanaitheacht, ar an iomaíochas, ar ***an bhfás***, ar an nuálaíocht, ar chruthú ***fostaíochta cuibhiúla, ar chuimsiú daoine faoi mhíchumas nó grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste***, ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar bheartais oiliúna, ar dhálaí oibre, ar oideachas agus scileanna, ar an tsláinte phoiblí, ar an gcuimsiú agus ar ioncaim iarbhír. ***Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit na comhpháirtithe sóisialta a urramú agus a neartú agus cumhdach cómhargála a leathnú, agus bearta a dhéanamh chun dlús eagraíochtaí ceardchumann agus fostóirí a chur chun cinn chun téarnamh atá daonlathach, atá cuimsitheach agus atá cóir ar bhonn sóisialta a áirithiú.***

Leasú 9

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 9

(9) Ba cheart do na Ballstáit **agus don Aontas** a áirithiú go mbeidh **na claochluithe** cothrom agus cóir go sóisialta, agus an iarracht a threisiú i dtreo sochaí chuimsitheach athléimneach ina dtabharfar cosaint do dhaoine, ina dtabharfar an chumhacht dóibh athruithe a thuar agus a láimhseáil agus inar féidir leo a bheith rannpháirteach **go gníomhach** sa tsochaí agus sa gheilleagar ar bhealach gníomhach. Ba cheart **dul i ngleic leis** an idirdhealú de gach cineál. Ba cheart **rochtain agus** deiseanna do chách a áirithiú agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta (lena n-áirítear eisiamh sóisialta i measc leanaí) a **laghdú**, go háirithe trí dhea-fheidhmiú na margatí saothair agus dea-fheidhmiú córas cosanta sóisialta a áirithiú agus trí dheireadh a chur le bacainní ar oideachas, ar oiliúint agus ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh san oideas agus cúram luath-óige. **Tá rochtain thráthúil agus cothrom ar sheirbhísí cúraim sláinte inacmhainne, lena n-áirítear an galarchosc agus cur chun cinn na sláinte, ábhartha go háirithe i gcomhthéacs sochaithe atá ag dul in aois.** Ba cheart an acmhainneacht atá ag **daoine** faoi mhíchumas rannchuidiú le **fás** eacnamaíoch agus leis an bhforbairt shóisialta a chothú **a thuilleadh**. Fad is a théann samhlacha nua eacnamaíocha agus gnó i réim, tá caidrimh fostaíochta ag athrú freisin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanann caidrimh fostaíochta a eascraíonn ó chineálacha nua oibre múnla sóisialta na hEorpa **a choinneáil ar siúl agus a neartú**.

(9) **Go háirithe, tráth atá, ar an leibhéal eacnamaíoch agus ar an leibhéal sóisialta, athruithe ollmhóra ina ndúshlán roimh an Aontas,** ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh **na hathruithe sin** cothrom, agus cóir go sóisialta, agus an iarracht a threisiú i dtreo sochaí **níos** cuimsithí agus níos athléimní ina dtabharfar cosaint do dhaoine agus ina dtabharfar an chumhacht dóibh athruithe a thuar agus a láimhseáil, agus inar féidir leo a bheith rannpháirteach **go hiomlán** sa tsochaí agus sa gheilleagar. Ba cheart idirdhealú de gach cineál **a dhíothú. Ba cheart go mbeadh gach duine in ann rannchuidiú go hiomlán sa tsochaí.** Ba cheart **comhdheiseanna** do chách a áirithiú agus ba cheart an bhochtaineacht, **an t-idirdhealú** agus an t-eisiamh sóisialta (lena n-áirítear an t-eisiamh sóisialta i measc leanaí, **daoine faoi mhíchumais agus grúpaí eile atá faoi mhíbhuntáiste) a dhíothú. Chuige sin, ba cheart don Aontas bearta amhail an Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanat a chur chun feidhme.** Ba cheart an acmhainneacht atá ag **daoine** faoi mhíchumas rannchuidiú leis an bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch a réadú **go hiomlán**. Fad is a théann samhlacha nua eacnamaíocha agus gnó i réim, tá caidrimh fostaíochta ag athrú freisin. **Mar a léiríonn géarchéim COVID-19, tá go leor oibríthe ar bheagán oiliúna bunriachtanach d'fheidhmiú bunúsach an gheilleagair. Rómhinic, bíonn siad ar phá íseal agus bíonn siad ag obair faoi dhálaí neamhbhuana.** Ba cheart do na Ballstáit **múnla sóisialta na hEorpa a neartú tuilleadh trína áirithiú go mbeidh na cearta céanna, dálaí oibre cuibhiúla, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus pá cuibhiúil ag gach oibrí. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit dul i ngleic le gach cineál oibre forbhásaí agus féinfhostaíochta bréagaí, agus a áirithiú go mbeidh an caidreamh**

fostaíochta a eascraíonn as cineálacha nua oibre *i gcomhréir le* múnla sóisialta na hEorpa.

Leasú 10

Togra le haghaidh cinnidh Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Ba cheart do na Treoirlínte Comhtháite a bheith mar bhonn do mholtaí tírshonracha a bhféadfaidh an Chomhairle a dhíriú ar na Ballstáit. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus as cistí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir agus Ciste InvestEU, chun fostaíocht, infheistíochtaí sóisialta, an **cuimsiú** sóisialta agus an inrochtaineacht a chothú, agus chun deiseanna **uas-scilithe** agus athscilithe an lucht saothair a chur chun cinn, lena n-áirítear scileanna digiteacha agus an litearthacht dhigiteach. Cé go ndírítear na Treoirlínte Comhtháite ar na Ballstáit agus ar an Aontas, ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla uile, i ndlúthchomhar le parlaimintí, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na sochaí sibhialta.

Leasú

(10) Ba cheart do na Treoirlínte Comhtháite a bheith mar bhonn do mholtaí tírshonracha a bhféadfaidh an Chomhairle a dhíriú ar na Ballstáit. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, **as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa** agus as cistí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir agus Ciste InvestEU, chun fostaíocht **ardcháilíochta agus** infheistíochtaí sóisialta a chothú, **chomh maith leis an mbochtaineacht agus** an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, chun an inrochtaineacht **a chothú, tacú leis a aistriú chuig gilleagar glas, digiteach agus** chun deiseanna **uas-scilithe** agus athscilithe an lucht saothair, foghlaim ar feadh an tsaoil agus oideachas ardcháilíochta agus oiliúint do chách a chur chun cinn, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach agus scileanna digiteacha. **Ba cheart go mbeadh ról láidir ag úsáid na gcistí sin freisin san infheistíocht threisithe ar sheirbhísí poiblí, go háirithe i réimsí an oideachais, na sláinte agus na tithíochta.** Cé go ndírítear na Treoirlínte Comhtháite ar na Ballstáit agus ar an Aontas **agus** ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla uile, i ndlúthchomhar agus **i gcomhar gníomhach, ina gcur chun feidhme agus san fhaireachán agus sa mheastóireacht orthu,** le parlaimintí, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na

sochaí sibhialta.

Leasú 11

Togra le haghaidh cinnidh Airteagal 2 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Déanfar athbhreithniú ar na treoirlínte a leagtar amach san Iarscríbhinn tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis a nglactha chun géarchéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus fostaíochta a chur san áireamh, agus chun freagairt níos fearr do ghéarchéimeanna comhchosúla a bheidh ann amach anseo. Chun an chinnteoireacht dhaonlathach a neartú, beidh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach sna Treoirlínte Comhtháite le haghaidh Fáis agus Post a shainiú ar comhchéim leis an gComhairle.

Leasú 12

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit geilleagar **sóisialta margaidh** inbhuanaithe a chur chun cinn ar bhealach gníomhach agus an infheistíocht i gcruthú post **ardcháilíochta a éascú agus tacú léi**. **Chuíge sin**, ba cheart dóibh **na bacainní a bhíonn ar ghnóilachtaí agus iad ag earcú daoine a laghdú**, fiontraíocht fhreagrach agus fíor-fhéinfhostaíocht a chothú agus, go háirithe, tacú le cruthú agus fás micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide, lena n-áirítear trí rochtain ar mhaoiniú. Ba cheart do na Ballstáit forbairt an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn ar

Ba cheart do na Ballstáit **lánfhostaíocht ardcháilíochta atá bunaithe ar** gheilleagar láidir. **Agus aitheantas á thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag an Stát i gcruthú post, ba cheart do na Ballstáit a bheith i gceannas ar fheachtas mór infheistíochta agus ar bheartais chliste agus uailmhianacha chun poist a chruthú. Ba cheart do na Ballstáit a mbeartais fostaíochta a oiriúnú agus, ar leibhéal an Aontais, cur chun feidhme dea-chleachtas a chomhordú i ndáil le bearta sealadacha lena ndéantar gach oibrí agus gach margadh saothair a chosaint. Ba cheart**

bhealach gníomhach, an nuálaíocht shóisialta agus fiontair shóisialta a chothú, agus na cineálacha **nuálacha** oibre sin a spreagadh, rud a **chruthódh** deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán agus a dhéanfadh sochair shóisialta a **ghiniúint** ar an leibhéal áitiúil.

*fóirdheontais phá a áireamh leis na bearta sin; tacaíocht ioncaim agus scéimeanna um shochar dífhostaíochta a fhadú; saoire bhreiteachta íochta agus saoire cúramóirí agus socrúithe teilea-oibre cianda a fhadú. Ba cheart do na Ballstáit tacú le claoclú fiontar Eorpach ionsar neamhthuilleamaíocht a áirithiú, go háirithe i dtaca le trealamh cosanta agus feistí leighis. Ba cheart do na Ballstáit dlús a chur lena dtacaíocht do ghnólachtaí atá ag streachailt mar thoradh ar an ngéarchéim ar choinníoll go gcoinneodh na gnólachtaí sin a bhfoireann ar fad. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin i dtaobh dífhostú a chur ar fionraí le linn thréimhse na géarchéime. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach i bpleanáil agus cur chun feidhme na mbearta sin. Ba cheart na bearta sin a choinneáil ar siúl le himeacht ama go dtí go mbeidh téarnamh eacnamaíoch iomlán bainte amach, agus ba cheart iad a chéimniú amach ina dhiaidh sin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chearta agus poist oibríthe soghluaiste agus imeallchríche atá buailte go dona ag dúnadh teorann a ráthú. Ba cheart do na Ballstáit fiontraíocht fhreagrach, lena n-áirítear i measc ban agus daoine óga, agus fíor-fhéinfhostaíocht a chothú agus, go háirithe, tacú le cruthú agus fás micrifhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide, lena n-áirítear trí rochtain ar mhaoiniú. Ba cheart do na Ballstáit forbairt an gheilleagair **chiorclaigh agus** shóisialta a chur chun cinn ar bhealach gníomhach, an nuálaíocht shóisialta agus fiontair shóisialta a chothú **agus a n-inbhuanaitheacht a neartú**, agus na cineálacha oibre sin **lena gcruthaítear** deiseanna fostaíochta ardcháilíochta agus lena ndéantar sochair shóisialta **a ghiniúint** ar an leibhéal áitiúil a spreagadh, **go háirithe in earnálacha straitéiseacha lena ngabhann acmhainneacht láidir chun fáis, amhail an earnáil dhigiteach agus***

earnáil an chomhaontaithe ghlais. I dtaca leis sin, ba cheart beartais lena dtacaítear le cruthú fostaíochta a chur chun feidhme freisin, go háirithe i seirbhísí poiblí nó príobháideacha chun leasa cách, go háirithe cúram leanaí, cúram sláinte agus tithíocht.

Leasú 13

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart **an t-ualach cánach** a aistriú ón saothar **go dtí** foinsí cánacha eile **lena dtugtar níos mó tacaíochta don fhostaíocht agus** don fhás cuimsitheach agus, ag an am céanna, **a ailíniú le** cuspóirí aeráide agus comhshaoil, agus **éifeacht** athdháilte an cháinchórais **á cur san áireamh**, agus fós ioncam le haghaidh cosaint shóisialta leormhaith agus **caiteachas spreagtha fáis** a chosaint.

Leasú 14

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil sásraí náisiúnta **maidir le socrú** an phá íosta reachtúil i bhfeidhm acu rannpháirtíocht éifeachtach comhpháirtithe sóisialta a áirithiú ar bhealach trédhearcach intuatha, **lena gcuirfí freagrúlacht leormhaith** an phá **i leith** forbairtí táirgiúlachta san áireamh **agus lena bhforúlfáí maidir le pá cothrom le haghaidh caighdeán sásúil maireachtála**, agus aird ar leith á tabhairt

Leasú

Ba cheart **cánachas** a aistriú ón saothar **i dtreo** foinsí eile **ina ndéanfaidh sé níos lú dochair don** fhás cuimsitheach agus ag an am céanna **ailíniú iomlán le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus** leis na cuspóirí aeráide agus comhshaoil a áirithiú, **mar a shainítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip, rud a mhéadóidh tionchar** athdháilte an chórais chánach, agus fós ioncam le haghaidh cosaint shóisialta leormhaith agus le haghaidh **infheistíocht phoiblí** a chosaint.

Leasú

Maidir le beartais chun a áirithiú gur féidir caighdeán maireachtála cuibhiúil a bheith ann mar gheall ar phá cothrom, tá siad tábhachtach fós chun fostaíocht a chruthú agus chun an bhochtaineacht san Aontas a laghdú, dála mar atá na beartais sin chun comhoiriúnacht na hoibre ar íocaíocht agus na teidlíochta do liúntais an Stáit a bhíonn mar chúiteamh as na bacainní atá roimh na grúpaí is

ar ghrúpaí ar ioncam íseal agus ar **mheánioncam** ar mhaithe leis an gcóineasú aníos. Ba cheart do na sásraí sin an fheidhmíocht eacnamaíoch sna réigiúin agus sna hearnála éagsúla a chur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil **a chur chun cinn ar mhaithe le socrú pá**. Agus urraim á tabhairt do chleachtais náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit agus do chomhpháirtithe sóisialta a áirithiú go bhfuil gach oibrí i dteideal pá leormhaith agus cothrom a bhui le comhaontuithe comhchoiteanna nó le pá íosta reachtúil leormhaith, agus an tionchar atá acu ar an iomaíochas, ar chruthú post agus ar bhochtaineacht lucht oibre á chur san áireamh.

imeallaithe a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil sásraí náisiúnta maidir le socrú an phá íosta reachtúil i bhfeidhm acu **rannpháirtíocht** éifeachtach comhpháirtithe sóisialta **sa nós imeachta gaolmhar maidir le pá a shocrú** a áirithiú ar bhealach trédhearcach agus intuartha. Agus íospá á fhorbairt, **ba cheart go gcuirfí san áireamh** forbairtí táirgiúlachta **chun dul i ngleic le héiginnteacht fostaíochta agus bochtaineacht lucht oibre**, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí ísealioncaim agus **meánioncaim** d'fhonn cóineasú aníos a bhaint amach. Ba cheart **táscairí bochtaineachta a bhaineann go sonrach le gach Ballstát agus feidhmíocht eacnamaíoch ar fud réigiún** agus eárnálacha a chur san áireamh leis na sásraí sin. Ba cheart do na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta **a neartú agus bearta a dhéanamh chun an cumhdach** cómhargála a leathnú. Agus urraim á tabhairt do chleachtais náisiúnta **agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta**, ba cheart do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta **idirhealú pá ar fhoras aoise nó inscne a dhíothú agus** a áirithiú go bhfuil gach oibrí i dteideal pá leormhaith agus cothrom a bhui le comhaontuithe comhchoiteanna nó le pá íosta reachtúil leormhaith, agus an tionchar **dearfach** atá acu ar an iomaíochas, ar chruthú post agus ar bhochtaineacht lucht oibre á chur san áireamh.

Leasú 15

**Togra le haghaidh cinnidh
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 5 – mír 3 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Beidh na Ballstáit in ann cúnamh na hionstraime dlúthpháirtíochta um Thacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) a iarraidh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanfar cúnamh

airgeadais ina leith sin a sholáthar ach do ghnóthais a dhéanann na comhaontuithe comhchoiteann is infheidhme a urramú; Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go staonfaidh gnóthais is faighteoirí ó aisceannach scaireanna a dhéanamh nó ó dhíbhinní a íoc le scairshealbhóirí agus bónaís a íoc le feidhmeannaigh, agus nach mbeidh na gnóthais sin cláraithe i dtearmainn chánach.

Leasú 16

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – pointe 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

I gcomhthéacs aistrithe teicneolaíochta agus comhshaoil, **chomh maith le** comhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh, ba cheart do na Ballstáit an inbhuanaitheacht, an táirgiúlacht, an infhostaitheacht agus an **caipiteal** daonna a chur chun cinn, mar aon le heolas ábhartha, scileanna agus inniúlachtaí a chothú le linn an tsaoil, ionas go mbeifí ag freagairt do riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Ba cheart do na Ballstáit freisin a gcórais oideachais agus oiliúna **a oiriúnú agus infheistíocht a dhéanamh** iontu chun oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán a sholáthar, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint. Ba cheart do na Ballstáit oibriú in éineacht leis **na** comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oideachais agus oiliúna, fiontair agus páirtí leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha sna córais oideachais agus oiliúna agus chun feabhas a chur ar a gcáilíocht agus ar an ábharthacht margaidh saothair atá acu, agus d'fhonn an t-aistriú comhshaoil a chumasú freisin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhúshlán ghairm na múinteoireachta. Ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna príomhinniúlachtaí a thabhairt do gach foghlaimoír, lena n-

Leasú

I gcomhthéacs na n-aistrithe teicneolaíochta agus comhshaoil **leanúnacha, an** athraithe dhéimeagrafaigh **agus na ndúshlán reatha**, ba cheart do na Ballstáit **cearta sóisialta**, an inbhuanaitheacht, an táirgiúlacht, an infhostaitheacht agus an **cumas** daonna a chur chun cinn, mar aon le heolas ábhartha, scileanna agus inniúlachtaí a chothú le linn saol daoine, ionas go mbeifí ag freagairt don **ghéarchéim dífhostaíochta atá ann faoi láthair agus ag tabhairt aghaidh** ar riachtanais an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Ba cheart **riachtanais na mBallstát maidir lena lucht saothair a athoiliúint agus a uas-sciliú chun freagairt don ghéarchéim a atreisiú trí infheistíocht a dhéanamh** ina gcórais oideachais agus oiliúna **phoiblí** chun oideachas cuimsitheach ar ardcháilíocht a sholáthar, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint **agus foghlaim fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil ar feadh an tsaoil**. Ba cheart do na Ballstáit oibriú in éineacht leis **na** comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oideachais agus oiliúna, fiontair, **eagraíochtaí neamhrialtasacha sóisialta** agus páirtí leasmhara **ábhartha** eile chun aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha

áirítear scileanna bunúsacha agus digiteacha chomh maith le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha chun bunchloch a leagan síos a chuideoidh leo a bheith inoiriúnaithe níos faide anonn sa saol. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le haistriú teidlíochtaí oiliúna le linn athruithe gairme a áirithiú, lena n-áirítear, ***i gcás inarb iomchuí***, trí chuntais foghlama aonair. Ba cheart dóibh ***a chur ar a chumas gach duine riachtanais an mhargaidh saothair a thuar agus dul in oiriúint níos fearr do na riachtanais sin***, go háirithe trí athsciliú agus uas-sciliú leanúnach, d'fhonn tacú le haistrithe cothroma agus córa do chách, torthaí sóisialta ***a neartú***, aghaidh a thabhairt ar ghanntanas sa mhargadh saothair agus feabhas a chur ar athléimneacht fhoriomlán an gheilleagair in aghaidh turraingí.

agus nua i gcórais oideachais agus oiliúna agus chun feabhas a chur ar a gcáilíocht agus ar an ábharthacht margaidh saothair atá acu. ***Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-earnálacha sin ina bhfuil ganntanas géar scileanna***, d'fhonn an t-aistriú ***comhuaineach*** comhshaoil a chumasú freisin ***mar aon le hathruithe teicneolaíochta agus digiteacha atá dírithe ar réitigh atá bunaithe ar an intleacht shaorga***. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhúshláin ghairm na múinteoireachta. Ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna príomhinniúlachtaí a thabhairt do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear scileanna bunúsacha agus digiteacha chomh maith le hinniúlachtaí idirdhisciplíneacha chun bunchloch a leagan síos a chuideoidh leo a bheith inoiriúnaithe níos faide anonn sa saol ***agus ba cheart dóibh na múinteoirí a ullmhú leis na hinniúlachtaí sin a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí***. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le haistriú teidlíochtaí oiliúna le linn athruithe gairme a áirithiú, lena n-áirítear trí chuntais foghlama aonair. Ba cheart dóibh ***a ráthú ag an am céanna nach gcuirfidh an cur chuige sin nádúr daonnachais an oideachais ná mianta daoine aonair i mbaol. Tá sé bunriachtanach go ndéanfadh na Ballstáit gníomhaíocht luath chun an éifeacht dhiúltach ar dhaoine aonair agus ar shochaithe mar gheall ar a bheith lasmuigh de*** mhargadh an tsaothair a sheachaint, go háirithe trí athoiliúint agus uasoiliúint leanúnach, ***le cumhdach agus leibhéal leordhóthanach sochar dífhostaíochta, torthaí sóisialta a neartú***, aghaidh a thabhairt ar ghanntanas sa mhargadh saothair agus feabhas a chur ar athléimneacht fhoriomlán an gheilleagair in aghaidh turraingí.

Proposal for a decision
Annex I – Guideline 6 – paragraph 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit comhionannas deiseanna do chách a chothú trí **aghaidh a thabhairt** ar an neamh-chomhionannas i gcórais oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí rochtain ar oideachas luath-óige ar ardchaighdeán a sholáthar. Ba cheart dóibh leibhéal ghinearálta oideachais a ardú, líon na ndaoine óga a fhágann an scoil **go luath** a laghdú, rochtain ar an oideachas treasach a mhéadú; chomh maith leis an ráta críochnúcháin a bhaineann leis; agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim leanúnach a mhéadú, go háirithe i measc foghlaimoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus daoine ar bheagán cáilíochtaí. Agus ceanglais nua i sochaithe digiteacha, sochaithe glasa agus sochaithe atá ag dul in aois á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit an fhoghlaim obairbhunaithe ina gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) a neartú, lena n-áirítear le printiseachtaí éifeachtacha ar ardchaighdeán, agus líon na gcéimithe san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (STEM) a mhéadú sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint meánleibhéal agus san oideachas treasach araon. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar an ábharthacht a bhaineann leis an oideachas treasach agus leis an taighde i leith an mhargaidh saothair, feabhas a chur ar thuar scileanna agus ar fhaireachán orthu, scileanna a dhéanamh níos sofheicthe agus cáilíochtaí a dhéanamh níos inchomparáide, lena n-áirítear cáilíochtaí a baineadh amach ar an gcoigríoch, agus níos mó deiseanna a chruthú le haghaidh scileanna agus inniúlachtaí a fuarthas lasmuigh den oiliúint agus oideachas foirmiúil **a aithint agus** a bhailíochtú. Ba cheart dóibh an ghairmoiliúint agus gairmoideachas solúbtha leanúnach atá ar

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit comhionannas deiseanna do chách a chothú trí **dheireadh a chur** leis an neamh-chomhionannas i gcórais oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear trí rochtain ar oideachas luath-óige **cuimsitheach uilíoch agus** ar ardchaighdeán a sholáthar. Ba cheart dóibh leibhéal ghinearálta oideachais a mhéadú, líon na ndaoine óga a fhágann an scoil a laghdú, rochtain ar an oideachas treasach a mhéadú; chomh maith leis an ráta críochnúcháin a bhaineann leis; agus rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim leanúnach a mhéadú, go háirithe i measc foghlaimoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, ag a mbíonn an líon is lú cáilíochtaí **go minic**. Agus ceanglais nua i sochaithe digiteacha, sochaithe glasa agus sochaithe atá ag dul in aois á gcur san áireamh, **mar aon leis na steiréitíopaí inscne atá ann cheana**, ba cheart do na Ballstáit an fhoghlaim obairbhunaithe ina gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) a neartú, (lena n-áirítear le printiseachtaí éifeachtacha ar ardchaighdeán) agus, **gan an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht leanúnach sna heolaíochtaí daonna a ghannmheas**, líon na gcéimithe san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (ETIM) a mhéadú **trí chur chuige atá cothrom ó thaobh inscne de** sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint meánleibhéal agus san oideachas treasach araon. Thairis sin, **i gcás inarb iomchuí**, ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar an ábharthacht a bhaineann leis an oideachas treasach agus leis an taighde i leith an mhargaidh saothair, **dé-oiliúint agus oiliúint chomhoibríoch a neartú**, feabhas a chur ar thuar scileanna agus ar fhaireachán orthu, scileanna a dhéanamh níos sofheicthe agus cáilíochtaí a

fáil a uasghrádú agus an ráta iontrála a bhaineann leo a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit **freisin** tacú le daoine fásta ar bheagán oiliúna a n-infhostaitheacht fadtéarmach a choinneáil ar bun nó a fhorbairt trí bhorradh a chur faoi rochtain ar dheiseanna foghlama ar ardchaighdeán agus leis an méid daoine a théann ina mbun, trí chonairí uas-scilithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear measúnú scileanna, tairiscint oideachais agus oiliúna de réir deiseanna i leith an mhargaidh saothair, **agus aitheantas a thabhairt do na scileanna a fuarthas agus iad a bhailíochtú.**

dhéanamh níos inchoimparáide, lena n-áirítear cáilíochtaí a baineadh amach ar an gcoigríoch, agus níos mó deiseanna a mhéadú le haghaidh scileanna agus inniúlachtaí a fuarthas **laistigh agus** lasmuigh **araon** d'oiliúint agus d'oideachas foirmiúil **a aithint agus** a bhailíochtú **go foirmiúil**. Ba cheart dóibh an ghairmoiliúint agus gairmoideachas leanúnach atá ar fáil a uasghrádú, a dhéanamh **níos solúbtha agus níos cuimsithí**, agus an ráta iontrála a bhaineann leo a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit **infheistiú i bpoist agus i scéimeanna cosanta sóisialta dóibh siúd nach bhfuil ábalta athsciliú, agus** tacaíocht a thabhairt, **trí sheirbhísí poiblí**, do dhaoine fásta ar bheagán oiliúna **trí chuidiú leo rochtain a fháil ar fhostaíocht chobhsaí agus ar ardchaighdeán** chun a n-infhostaitheacht fadtéarmach a chothabháil nó a fhorbairt trí bhorradh a chur faoi rochtain ar dheiseanna foghlama ar ardchaighdeán trí chonairí uas-scilithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear measúnú scileanna, tairiscint oideachais agus oiliúna de réir deiseanna i leith an mhargaidh saothair. **Ba chóir an ceart maidir le saoire oideachais íoctha chun críocha gairmiúla a spreagadh, i gcomhréir le coinbhinsiúin ábhartha EIS, ina gceadaítear d'oibríthe freastal ar chláir oiliúna le linn uaireanta oibre. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun rochtain uilíoch ar chianfhoghlaim agus ar chianoiliúint a chur chun cinn, ag cur riachtanais daoine faoi mhíchumas san áireamh go hiomlán.**

Leasú 18

**Togra le haghaidh cinnidh
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 6 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit cúnamh éifeachtach tráthúil comhordaithe saincheaptha a sholáthar do dhaoine

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit cúnamh éifeachtach tráthúil comhordaithe agus saincheaptha a sholáthar do dhaoine

dífhostaithe **agus neamhghníomhacha**, bunaithe ar thacaíocht do chuardach poist, oiliúint, athcháiliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile. Ba cheart straitéisí cuimsitheacha lena n-áirítear measúnú aonair grinn ar **dhífhostaíocht** a shaothrú a luaithe is féidir d'fhonn laghdú mór a dhéanamh ar dhífhostaíocht fhadtéarmach struchtúrach agus í a chosc. Ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an ndífhostaíocht i measc na hóige agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, tríd an luathfhágáil scoile a chosc **agus** trí fheabhas struchtúrach a chur ar an aistriú ón scoil go dtí an obair, **lena n-áirítear** tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a **chur chun feidhme go hiomlán** ⁽¹⁵⁾).

dífhostaithe, bunaithe ar thacaíocht do chuardach poist, oiliúint, athcháiliú agus rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin eile, go háirithe i réimsí na sláinte agus na tithíochta. Ba cheart straitéisí cuimsitheacha lena n-áirítear measúnú aonair grinn ar **dhaoine dífhostaithe** a shaothrú a luaithe agus is féidir, d'fhonn laghdú suntasach a dhéanamh ar **an mbaol go dtiocfaidh méadú** ar dhífhostaíocht fhadtéarmach agus struchtúrach agus é a chosc, **lena n-áirítear straitéisí dífhostaíochta a laghdú i measc daoine faoi mhíchumas agus grúpaí leochaileacha eile. Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, sásraí agus córais tacaíochta le haghaidh aistriú gairmiúil a bhunú nó a fheabhsú, le tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa.**

Ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt **mar thosaíocht** ar an dífhostaíocht i measc na hóige, **ar dhálaí oibre forbhásacha i measc daoine óga** agus ar shaincheist na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (**NEET**), tríd an luathfhágáil scoile a chosc, **rochtain ar oiliúint maidir le hearnálacha atá dírithe ar an todhchaí amhail na geilleagair ghlasa agus dhigiteacha laistigh** d'fheabhas struchtúrach san aistriú ón scoil go dtí an obair **agus rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta chun dul i ngleic leis an éiginnteacht mhéadaitheach do dhaoine óga. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist** trí Ráthaíocht don Aos Óg **athnuaite agus éifeachtach atá in ann tairscintí oibre, oideachas nó oiliúint ardcháilíochta a sholáthar ina bhfuil na páirithe leasmhara ábhartha go léir páirteach ar bhealach fiúntach.**

⁽¹⁵⁾ IO C 120, 26.4.2013, lch. 1.

Togra le haghaidh cinnidh
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart a bheith mar aidhm ag na Ballstáit deireadh a chur le constaicí agus le dídhreasachtaí i leith **rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus dreasachtaí** a chur ar fáil ina leith, go háirithe don **dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ioncam íseal** agus na daoine is faide ón margadh saothair. Ba cheart do na Ballstáit tacú le timpeallacht oibre oiriúnaithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais agus seirbhísí spriocdhíritha a chuireann ar a gcumas dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.

Leasú 20

Togra le haghaidh cinnidh
Iarscríbhinn I – Treoirlíne 6 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit comhionannas inscne agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhionannas deiseanna agus dul chun cinn gairme a áirithiú agus trí dheireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht sa cheannaireacht ag gach leibhéal den chinnteoireacht. Ba cheart **dul i ngleic** leis an **mbearna** phá idir na hinsení. Ba cheart pá comhionann as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach, chomh maith leis an trédhearcacht pá, a áirithiú. Ba cheart comhréiteach idir an saol oibre, an saol teaghlai agus an saol príobháideach idir mná agus fir araon a chur chun cinn, go háirithe le rochtain ar chúram fadtéarmach agus oideachas agus seirbhísí cúraim luathóige inacmhainne ar ardchaighdeán. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus ag daoine eile a bhfuil freagrachtaí

Leasú

Ba cheart a bheith mar aidhm ag na Ballstáit deireadh a chur le constaicí agus le dídhreasachtaí i leith **rochtain a fháil** ar an margadh saothair agus dreasachtaí a chur ar fáil ina leith, go háirithe do **ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste**, agus do na daoine is faide ón margadh saothair. Ba cheart do na Ballstáit tacú le timpeallacht oibre oiriúnaithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí bhíthin tacaíocht airgeadais agus seirbhísí spriocdhíritha a chuireann ar a gcumas dóibh a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit comhionannas inscne agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa mhargadh saothair a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhionannas deiseanna agus dul chun cinn gairme a áirithiú agus trí dheireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht sa cheannaireacht ag gach leibhéal den chinnteoireacht. **Ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh an t-íoschéatadán mar a leagtar síos sa treoir atá beartaithe maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar bhoird chorporáideacha a fhorghnó agus a chur chun feidhme.** Ba cheart **deireadh a chur** leis na **bearnaí** pá, **pinsin agus fostaíochta** idir na hinsení. **Ba cheart tréimhsí saoire máithreachais agus tuismitheora a luacháil go leormhaith ó thaobh ranníocaíochtaí de agus ó thaobh teidlíochtaí pinsin de, chun a thábhachtaí atá sé oideachas a chur ar na glúine atá le**

cúraim orthu ar shaoire teaghlaigh iomchuí agus ar shocruithe solúbtha oibre chun cothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach a bhaint amach.

teacht a léiriú, go háirithe i gcomhthéacs sochaí atá ag dul in aois. Ba cheart pá comhionann as obair chomhionann, nó as obair ar comhionann a luach, agus trédhearcacht pá, a áirithiú, ***lena n-áirítear trí innéacs cothromais pá a dhéanann comparáid idir fir agus mná a bhunú.*** Ba cheart comhréiteach idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach idir mná agus fir araon a chur chun cinn, go háirithe le rochtain ar chúram fadtéarmach agus oideachas luathóige ***agus oideachas ar feadh an tsaoil*** agus seirbhísí cúraim atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus ag daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu ar shaoire teaghlaigh iomchuí agus ar shocruithe solúbtha oibre chun cothromaíocht idir an saol oibre, an saol teaghlaigh agus an saol príobháideach a bhaint amach, agus úsáid cothrom na dteidlíochtaí idir fir agus mná a chur chun cinn. ***Ba cheart dóibh dul i dtreo saoire mháithreachais agus atharthachta láníochta.***

Leasú 21

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Chun tairbhe a bhaint as lucht saothair dinimiciúil táirgiúil, as patrúin nua oibre agus as samhlacha nua gnó, ba cheart do na Ballstáit oibriú in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta ar dhálaí oibre cothroma trédhearcacha intuartha, agus an chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí á hurramú. Ba cheart dóibh deighilt sna margaí saothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe a chomhrac agus an t-aistriú i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú. Ba cheart go ndéanfadh rialacha um chosaint fostaíochta, dlí an tsaothair agus

Leasú

Chun tairbhe a bhaint as lucht saothair dinimiciúil agus táirgiúil, as patrúin nua oibre agus as samhlacha nua gnó, ba cheart do na Ballstáit oibriú in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta ar dhálaí oibre córa, trédhearcacha agus intuartha, agus an chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí á hurramú. ***Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit bearta nithiúla a ghlacadh chun an t-idirphlé sóisialta ar gach leibhéal agus an chómhargáil a chur chun cinn agus a neartú, lena n-áirítear Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a}.*** Ba

institiúidí uile timpeallacht oiriúnach le haghaidh *earcaíochta* a sholáthar, *chomh maith leis an tsolúbthacht is gá d'fhostóirí chun dul in oiriúint go tapa d'athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch*, agus slándáil iomchuí agus timpeallachtaí oibre folláine sábháilte dea-oiriúnaithe a chaomhnú san am céanna, chun cearta saothair *a chosaint* agus chun an chosaint shóisialta a áirithiú. Ba cheart cosc a chur le caidrimh fostaíochta a mbíonn dálaí oibre forbhásacha mar thoradh leo, lena n-áirítear i gcás na n-oibríthe ardáin agus trí mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla *a chomhrac*. Ba cheart rochtain ar réiteach éifeachtach neamhchlaonta ar dhíospóidí a áirithiú i gcásanna dífhostaithe éagóraigh, mar aon leis an gceart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh iomchuí.

cheart dóibh deighilt sna margáí saothair a laghdú agus a chosc, an obair neamhdhearbhaithe *agus an féinfhostaíocht bhréagach* a chomhrac agus an t-aistriú i dtreo cineálacha fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú. Ba cheart go ndéanfadh rialacha um chosaint fostaíochta, dlí an tsaothair agus institiúidí uile timpeallacht oiriúnach do *chruthú fostaíochta cobhsaí ardcháilíochta* a sholáthar, agus slándáil iomchuí agus timpeallachtaí oibre sláintiúla, sábháilte agus dea-oiriúnaithe d'oibríthe a chaomhnú, cearta saothair *a áirithiú* agus cosaint shóisialta *chuibhiúil* a áirithiú. *Ba cheart dóibh, freisin, oibriú i dteannta ionadaithe ceardchumainn chun timpeallacht shláintiúil agus shábháilte a bhaint amach, agus aird ar leith a thabhairt ar thionóiscí agus galair san ionad oibre a chosc*. Ba cheart cosc a chur ar chaidrimh fostaíochta ina mbíonn dálaí oibre forbhásacha *agus iomaíocht tuarastail* mar thoradh leo, lena n-áirítear i gcás na n-oibríthe ardáin. *Níor cheart go mbeadh aon mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla ann. Ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit a áirithiú go bhfuil i ndáiríre dálaí oibre córa, cearta sóisialta agus rochtain ar chosaint shóisialta leormhaith agus ionadaíocht feabhsaithe ag na hoibríthe sin go léir. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit Coinbhinsiún 1947 maidir le Cigireacht Saothair den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair a chur chun feidhme go hiomlán agus ba cheart dóibh infheistíocht a dhéanamh i gcigireachtaí saothair éifeachtacha ag údaráis inniúla leorchumhachtaithe agus ba cheart dóibh, faoi chuimsiú an Údaráis Eorpaigh Saothair, a gcuid iarrachtaí ar chomhrac i gcoinne na mí-úsáide trasteorann a chomhordú agus a chomhoibriú*. Ba cheart rochtain ar réiteach éifeachtach neamhchlaonta ar dhíospóidí a áirithiú i gcásanna dífhostaithe éagóraigh, mar aon leis an gceart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh iomchuí. *Ba cheart do na*

Ballstáit leas a bhaint as líonra Eorpach na seirbhísí poiblí fostaíochta agus as na gníomhaireachtaí Eorpacha chun dea-chleachtais fianaise-bhunaithe a sainaithint, foghlaim fhrithpháirteach a spreagadh agus tuilleadh comhordaithe ar bheartais fostaíochta a chur chun cinn.

1a. Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach a bhunú nó nós imeachta i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail a bhunú chun críocha fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO L 122, 16.5.2009, lch. 28).

Leasú 22

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart é a bheith mar aidhm ag beartais feabhas a chur ar rannpháirtíocht, ar chomhoiriúnú agus ar aistriú sa mhargadh saothair, agus tacú leo freisin. Ba cheart do na Ballstáit é **a chur ar a gcumas** do dhaoine ar féidir leo a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair é sin a dhéanamh, agus na daoine sin **a spreagadh** ar bhealach éifeachtach. Ba cheart do na Ballstáit éifeacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a neartú tríd an spriocadh, an fhor-rochtain agus an raon atá acu a mhéadú agus tríd an méid sin **a nascadh níos fearr le** tacaíocht ioncaim le haghaidh daoine dífhostaithe, agus iad ag lorg oibre **agus bunaithe ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí**. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le seirbhísí poiblí fostaíochta níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach trína áirithiú go dtugtar cúnamh saincheaptha go tráthúil

Leasú

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag beartais tacú agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht, ar chomhoiriúnú agus ar aistriú sa mhargadh saothair, **go háirithe na haistriú digiteacha agus éiceolaíochta, agus feabhas a chur ar an bhfostaíocht i gcríocha faoi mhíbhuntásite, freisin**. Ba cheart do na Ballstáit **dreasachtaí a thabhairt** go héifeachtach dóibh siúd ar féidir leo a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair, **chun fostaíocht ardcháilíochta a aimsiú**. Ba cheart do na Ballstáit éifeachtacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a neartú tríd an spriocadh, an fhor-rochtain agus an raon atá acu a mhéadú agus trí thacaíocht ioncaim **cuibhiúla a áirithiú** le haghaidh daoine dífhostaithe, fad agus a mbíonn obair á lorg acu. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le seirbhísí poiblí fostaíochta níos

chun tacú le cuardaitheoirí poist, trí thacú leis an éileamh sa mhargadh saothair **agus trí bhainistíocht fheidhmíocht bhunaithe a chur chun feidhme.**

Leasú 23

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit sochair leordhóthanacha dhífhostaíochta ar feadh tréimhse **réasúnta** a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí atá déanta acu agus lena rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht. Níor cheart go ndéanfadh na sochair sin **filleadh pras ar an bhfostaíocht a dhídhreasú agus** ba cheart beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bheith ag gabháil leo.

Leasú 24

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do shoghluaisteacht an lucht foghlama agus **an lucht saothair** d'fhonn infhostaitheacht agus scileanna a fheabhsú **agus** d'fhonn acmhainneacht iomlán mhargadh saothair na hEorpa **a shaothrú**; agus, san am céanna, dálaí **cothroma** a áirithiú **freisin** i leith daoine i mbun gníomhaíochta trasteorann **chomh maith le dlús a chur le** comhar riaracháin idir na húdaráis riaracháin náisiúnta maidir le

éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint amach, **chomh maith d'oibrithe trasteorann**, trína áirithiú go dtugtar cúnamh tráthúil agus saincheaptha chun tacú le cuardaitheoirí poist **agus** tacú leis an éileamh sa mhargadh saothair. **Ba cheart fostaíocht chuibhiúil a bheith mar chuspóir ag seirbhísí den sórt sin.**

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit sochair leormhaith dhífhostaíochta ar feadh tréimhse **leordhóthanach** a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí atá déanta acu agus na rialacha náisiúnta maidir le hincháilitheacht. Ba cheart go mbeadh beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bheith ag gabháil leis **sin mar aon le tacaíocht sásraí foghlama frithpháirtí idir na Ballstáit.**

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit tacú le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud na hEorpa mar bhealach le deiseanna nua poist a chruthú d'oibrithe. Ba cheart go dtacófaí ar bhealach leormhaith le soghluaisteacht foghlaimeoirí **le linn a n-oiliúna, go háirithe trí chlár soghluaisteachta ERASMUS+ a neartú, trínar féidir le foghlaimeoirí a bhfios gnó agus a scileanna a mhéadú. Ba cheart oibrithe a spreagadh, freisin,** chun

hoibríthe taistil. Ba cheart deireadh a chur le bacainní ar an tsoghluaisteacht in earnáil an oideachais agus na hoiliúna, ar phinsin cheirde agus phearsanta agus ar aitheantas do cháilíochtaí, agus ba cheart aitheantas do cháilíochtaí a éascú. Ba cheart do na Ballstáit gníomhú lena áirithiú nach bacainn neamhriachtanach atá i ngnásanna riaracháin d'oibríthe ó Bhallstáit eile a ghabhann d'obair thuarastail, lena n-áirítear oibríthe trasteorann. Ba cheart do na Ballstáit freisin mí-úsáid na rialacha atá i bhfeidhm cheana a chosc, agus aghaidh a thabhairt ar 'imirce daoine oilte' ó réigiúin áirithe, lena n-áirítear le bearta iomchuí um fhorbairt réigiúnach.

infhostaitheacht **agus** scileanna a fheabhsú **chun** acmhainneacht iomlán mhargadh saothair na hEorpa **a shaothrú**. Agus **cearta agus dálaí oibre cothroma** á n-áirithiú dóibh siúd go léir atá ag saothrú gníomhaíocht trasteorann, **ba cheart dlús a chur le hinaistrítheacht ceart agus teidlíochtaí trí** chomhar riaracháin idir na riaracháin náisiúnta maidir le oibríthe soghluaisteachta. Ba cheart deireadh a chur le bacainní ar an tsoghluaisteacht in earnáil an oideachais agus na hoiliúna, ar phinsin cheirde agus phearsanta agus ar aitheantas do cháilíochtaí, agus ba cheart aitheantas do cháilíochtaí a éascú. Ba cheart do na Ballstáit gníomhú lena áirithiú nach constaic neamhriachtanach atá i nósanna imeachta riaracháin d'oibríthe ó Bhallstáit eile a ghabhann d'obair thuarastail, lena n-áirítear oibríthe trasteorann **agus teorann**. **Ba cheart do na Ballstáit gealltanais a thabhairt seirbhísí poiblí a dhigitiú chun soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a éascú, go háirithe maidir le córais slándála sóisialta a chomhordú; Beidh sé tábhachtach go ndéanfadh na Ballstáit oibríthe taistil, lena n-áirítear oibríthe teorann, a chur san áireamh agus bearta á gcur chun feidhme acu amhail dúnadh teorainneacha chun leathadh COVID-19 a mhaolú, mar shampla i dtaca le sláinte agus sábháilteacht, cánacha agus slándáil shóisialta agus comhordú. Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt d'oibríthe taistil agus d'oibríthe teorann leanúint de bheith ag trasnú teorainneacha, nuair a mheastar é a bheith sábháilte i gcomhréir le treoirlínte sláinte agus sábháilteachta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.** Ba cheart do na Ballstáit freisin mí-úsáid na rialacha atá i bhfeidhm cheana a chosc, agus aghaidh a thabhairt ar 'imirce daoine oilte' ó réigiúin áirithe, **rud a dhéanann dochar d'fhorbairt agus do tharraingteacht na réigiún sin**, lena n-áirítear le bearta iomchuí um fhorbairt réigiúnach. **Ba cheart do na Ballstáit**

uirlisí ábhartha Eorpacha a chur chun cinn agus a úsáid, amhail líonra post EURES, agus comhpháirtíochtaí trasteorann a mhéadú chun cuidiú le hoibrithe taistil i réigiúin trasteorann.

Leasú 25

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Agus forbairt á déanamh ar na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, agus chun idirphlé sóisialta níos éifeachtaí agus torthaí socheacnamaíocha níos fearr a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht thráthúil fhiúntach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i ndearadh agus i gcur chun feidhme fostaíochta, athchóirithe agus beartas sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, athchóirithe eacnamaíocha agus beartas eacnamaíoch, lena n-áirítear trí thacú leis na comhpháirtithe sóisialta a n-inniúlacht a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil **a chothú**. Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú.

Leasú 26

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

I gcás inarb ábhartha, agus forbairt á

Leasú

Agus forbairt á déanamh ar na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, agus chun idirphlé sóisialta **dian** agus níos éifeachtaí, agus torthaí socheacnamaíocha níos fearr, **a chur chun cinn** agus a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht thráthúil agus fhiúntach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i ndearadh agus i gcur chun feidhme fostaíochta, athchóirithe agus beartas sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, athchóirithe eacnamaíocha agus beartas eacnamaíoch, lena n-áirítear trí thacú leis na comhpháirtithe sóisialta a n-inniúlacht a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil **a neartú agus a chur chun cinn**. Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú.

I gcás inarb ábhartha, agus forbairt á

déanamh ar na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, ba cheart do na Ballstáit an taithí atá ag eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta ar an bhfostaíocht agus ar shaincheisteanna sóisialta a chur san áireamh.

déanamh ar na cleachtais náisiúnta atá ann cheana, ba cheart do na Ballstáit an taithí atá ag eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta ar an bhfostaíocht agus ar shaincheisteanna sóisialta a chur san áireamh, *lena n-áirítear iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí a bhfuil bacainní ar obair ardcháilíochta le sárú acu.*

Leasú 27

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tá ionad oibre sláintiúil agus sábháilte rithábhachtach chun an baol go mbeifí ionfhabhtaithe agus go leathfaí víris agus galair eile a chomhrac. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go nglacfaidh fostóirí freagracht chucu féin as sláinte agus sábháilteacht a n-oibríthe agus go soláthróidh siad faisnéis leormhaith dóibhsean agus dá n-ionadaithe, go ndéanfaidh siad measúnuithe riosca agus go nglacdaidh siad bearta coisctheacha. Áirítear leis sin líon na dtionóiscí marfacha ag an obair agus cásanna d'ailse cheirde a laghdú go nialas trí luachanna teorann nochta ceirde ceangailteacha a bhunú, agus rioscaí síceasóisialta ceirde agus galair cheirde a chur san áireamh. Chun feidhmiú margáí saothair a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i sábháilteacht agus sláinte cheirde, agus modhanna agus forálacha leormhaithe le haghaidh cigireachtaí saothair agus ionadaithe sláinte agus sábháilteachta ceardchumainn a áirithiú.

Leasú 28

Togra le haghaidh cinnidh

Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit oibriú le chéile chun córais cosanta sóisialta a sholáthar d'oibrithe teorann agus d'oibrithe féinhostaithe atá ag obair agus ina gcónaí i mBallstáit éagsúla. Ba cheart go mbeadh nuachóiriú córas cosanta sóisialta fabhrach do phriobsabail mhargadh saothair na hEorpa agus go ndéanfaí foráil, dá réir, do chosaint shóisialta inbhuanaithe atá uilíoch agus trasteorainn. Ba cheart go ráthódh sé sin cosaint agus éifeachtacht córas cosanta sóisialta trína dtugtar aghaidh ar bhearnaí sa chosaint agus trína ndéantar lucht saothair teorann táirgiúil a ráthú.

Leasú 29

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 7 – mír 6 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar an margadh saothair trí thacú le hoibrithe atá ar “díghostaíocht theicniúil” go sealadach mar gur cuireadh iallach ar na fostóirí a seirbhísí a dhúnadh, mar aon le tacú le daoine féinhostaithe agus gnólachtaí beaga foireann a choinneáil agus a ngníomhaíochtaí a chothabháil.

Réasúnú

Tá géarchéim COVID-19 i ndiaidh tionchar suntasach a bheith aici ar na margá saothair, agus beidh breis tionchair aici orthu fad a mhairfidh an phaindéim agus fad a bheidh feidhm ag na bearta coisctheacha a tugadh isteach chun a scaipeadh a choimeád faoi smacht. Tá na bearta atá dírithe ar dhaoine aonair chun ioncam cobhsaí a áirithiú, ar ghnólachtaí beaga chun poist a chaomhnú agus ar dhaoine féin-fhostaithe chun tacú lena n-oibriocht nó lena maireachtáil rithábhachtach chun méaduithe sa díghostaíocht nach bhfacthas cheana, caillteanais post ar mhórsála agus deireadh le cuid mhór cuideachtaí a sheachaint agus téarnamh eacnamaíoch níos éasca tar éis mhaolú na paindéime a áirithiú.

Leasú 30

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit margáí saothair cuimsitheacha, oscailte do chách, a chur chun cinn, trí bhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú de gach cineál a chomhrac agus chun comhionannas deiseanna le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn, agus an aird chuí á tabhairt ar na gnéithe réigiúnacha agus críochacha. Ba cheart dóibh cóir chothrom a áirithiú i dtaca leis an bhfostaíocht, an chosaint shóisialta, an cúram sláinte agus an cúram fadtéarmach, an t-oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, beag beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit **cearta sóisialta agus** margáí saothair cuimsitheacha **mar chuid de straitéis chomhtháite maidir le cuimsiú gníomhach** atá oscailte do chách, a chur chun cinn, trí bhearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú de gach cineál a chomhrac agus chun comhionannas deiseanna le haghaidh na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht agus na ngrúpaí nua faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn, agus an aird chuí á tabhairt ar an ngné réigiúnach agus chríochach. Ba cheart dóibh **luach saothair comhionann agus cearta comhionanna d'obair chomhionann ag an áit chéanna mar aon le cóir chomhionann** a áirithiú maidir leis an bhfostaíocht, leis an gcosaint shóisialta, leis an gcúram sláinte agus an cúram fadtéarmach, leis an **tithíocht**, leis an oideachas agus le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, gan beann ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, **náisiúntacht**, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

Leasú 31

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit córais cosanta sóisialta **a nuachóiriú** chun cosaint shóisialta atá leordhóthanach, éifeachtach, éifeachtúil, inbhuanaithe a sholáthar i gcaitheamh gach trátha de shaol an duine, an cuimsiú sóisialta agus an

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit córais cosanta sóisialta **a nuachóiriú agus infheistiú** iontu chun cosaint shóisialta atá leormhaith, éifeachtach, éifeachtúil agus inbhuanaithe a sholáthar **do chách** i gcaitheamh gach trátha de shaol an duine,

tsoghluaisteacht shóisialta aníos a chothú, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair **a dhreasú** agus aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas, lena n-áirítear leis an gcaoi a ndeantar a gcáinchórais agus a gcórais sochair. Agus cineálacha uilíocha cur chuige á gcomhlánú le cineálacha roghnaíocha, déanfar éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta a fheabhsú. **Ba cheart** rochtain, cáilíocht, leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht níos fearr **a bheith mar thoradh ar nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta**.

Leasú 32

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit trí ghné an chuimsithe ghníomhaigh a fhorbairt agus a chomhtháthú: tacaíocht leordhóthanach ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí **cumasúcháin** ar ardchaighdeán, chun freastal ar riachtanais an duine aonair. Ba cheart do chórais cosanta sóisialta sochair leordhóthanacha ioncaim íosta a áirithiú le haghaidh gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige féin agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí dhaoine **a spreagadh** le bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, lena n-áirítear trí bhíthin seirbhísí sóisialta spriocdhírthe.

Leasú 33

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 4

agus, uime sin, **an bhochtaineacht a chomhrac agus** an cuimsiú sóisialta agus an **cóineasú** sóisialta aníos a chothú, **tacú** le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus le **rochtain ar phoist ardcháilíochta** agus aghaidh a thabhairt ar an neamh-chomhionannas, lena n-áirítear le dearadh **forchéimnitheach** a gcáinchórais agus a gcórais sochair. Má dhéantar cur chuige uilíoch a chomhlánú le cur chuige roghnaitheach **breise**, cuirfear feabhas ar éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta, ina mbeidh rochtain, cáilíocht, leormhaitheas agus inbhuanaitheacht ar bhealach níos fearr **mar thoradh** air sin.

Leasú

Ba cheart do na Ballstáit trí ghné an chuimsithe ghníomhaigh a fhorbairt agus a chomhtháthú: tacaíocht leormhaith ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta, chun freastal ar riachtanais an duine aonair. Ba cheart do chórais cosanta sóisialta sochair leordhóthanacha ioncaim íosta a áirithiú le haghaidh gach duine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige féin agus an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí **thacú le** daoine le bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, lena n-áirítear trí bhíthin seirbhísí sóisialta spriocdhírthe.

Seirbhísí inacmhainne, inrochtana agus ardcháilíochta a bheith ar fáil, amhail an t-oideachas agus an cúram luath-óige, an cúram iarscoile, an t-oideachas, an oiliúint, tithíocht, an cúram sláinte agus an cúram fadtéarmach, is coinníoll riachtanach é sin chun comhionannas deiseanna a áirithiú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an mbochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, lena n-áirítear bochtaineacht lucht oibre agus bochtaineacht leanaí. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag cách, lena n-áirítear leanaí, ar sheirbhísí **fíor-riachtanacha**. Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta a áirithiú do dhaoine atá i ngátar nó atá i staid leochaileach. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an inrochtaineacht, a áirithiú i ndáil leis na seirbhísí sin. Ba cheart dul i ngleic leis an easpa dídeana **go sonrach**.

Agus leibhéil scanrúla leanúnacha na bochtaineachta, ar mó i bhfad iad ná spríoc na bochtaineachta a bunaíodh in 2010 sa straitéis Eoraip 2020, agus tionchar ghéarchéim COVID-19, á gcur san áireamh, tá gá le níos mó iarrachtaí chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, le fócas speisialta agus straitéisí cothrománacha maidir le hoibríthe atá bocht, leanaí, daoine scothaosta, tuismitheoirí aonair agus go háirithe máithreacha aonair, mionlaigh eitneacha, imircigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean. **Ag an am céanna, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag géarchéim COVID-19 ar ghrúpaí eile, amhail daoine a dhéanann obair fhorbhásach nó daoine atá dífhostaithe le déanaí. Maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i leanaí, ba cheart do na Ballstáit Ráthaíocht i dtaobh Leanaí a ghlacadh chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus dea-bhail leanaí a chur chun cinn, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le rochtain chothrom leanaí ar chúram sláinte saor in aisce, ar oideachas saor in aisce, ar chúram leanaí saor in aisce, ar thithíocht chuibhiúil agus ar chothú leormhaith;** Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ag cách ar sheirbhísí **ardcháilíochta**. Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar thithíocht shóisialta leormhaith nó ar chúnamh tithíochta a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar nó atá i staid leochaileach, **infheistíocht a dhéanamh i stoc tithíochta inrochtana do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, bearta a ghlacadh chun aistriú cóir a áirithiú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh na tithíochta atá ann cheana a fheabhsú agus chun dul i ngleic le fadhb na bochtaineachta fuinnimh i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, mar aon le seirbhísí leormhaithe do dhaoine**

*gan dídean. Ba cheart do na Ballstáit dul i ngleic le fadhb na ndíshealbhuithe, atá ag méadú. Ba cheart riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear an inrochtaineacht, a chur san áireamh i ndáil leis na seirbhísí sin. Ba cheart dul i ngleic leis an easpa dídine **go cinntitheach, agus an cur chuige “An Tithíocht ar dTús” ina bhonn leis sin.***

Leasú 34

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ba cheart do na Ballstáit rochtain **thráthúil** ar **chúram** sláinte coisctheach íceach inacmhainne agus ar chúram fadtéarmach ar **ardcháilíochta a áirithiú, agus an inbhuanaitheacht a chosaint san fhadtéarma ag an am céanna.**

Leasú

Léiríonn géarchéim COVID-19 an gá atá le níos mó infheistíochta poiblí chun leibhéil leordhóthanacha foirne dea-oilte agus rochtain ar chúram sláinte a áirithiú do chách, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit an rochtain **uilloch ar chúram sláinte coisctheach íceach inacmhainne **poiblí** agus ar chúram fadtéarmach **inbhuanaithe** ar **ardcháilíochta a ráthú.****

Leasú 35

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ní mór do na Ballstáit sláinte daoine scothaosta a chosaint, agus cóireáil ospidéal agus cúram sláinte riachtanach a sholáthar dóibh agus aon idirdhealú bunaithe ar aois a sheachaint.

Leasú

Leasú 36

Togra le haghaidh cinnidh Iarscríbhinn I – Treoirlíne 8 – mír 6

I gcomhthéacs an mhéadaithe ar fhad saoil agus ar an athrú déimeagrafach, ba cheart do na Ballstáit leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin le haghaidh oibríthe agus daoine féinfhostaithe a áirithiú, agus comhionannas deiseanna a sholáthar do mhná agus d'fhir maidir le cearta pinsin a fháil, **lena n-áirítear le scéimeanna forlíontacha** chun ioncam **leordhóthanach** a áirithiú. Ba cheart tacú le hathchóirithe pinsean trí bhíthin bearta **a fhadaíonn** an saol oibre, **cuir i gcás an aois scoir iarbhír** a ardú, **agus ba cheart na bearta seo a cheapadh** mar chuid de **straitéisí um aosú gníomhach**. Ba cheart do na Ballstáit idirphlé cuiditheach a bhunú le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, agus céimniú isteach iomchuí **na** n-athchóirithe a cheadú.

I gcomhthéacs fad saoil atá á mhéadú agus an athraithe dhéimeagrafaigh, ba cheart do na Ballstáit leormhaitheas agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin le haghaidh oibríthe agus daoine féinfhostaithe a áirithiú, agus comhionannas deiseanna a sholáthar do mhná agus d'fhir maidir le cearta pinsin a fháil sna scéimeanna **poiblí nó** sna scéimeanna **ceirde chun** ioncam **scoir cuibhiúil atá os cionn thairseach na bochtaineachta** a áirithiú. Ba cheart tacú le hathchóirithe pinsin trí bhearta **atá bunaithe ar aosú gníomhach trí dheiseanna a bharrfeabhsú d'oibríthe de gach aois chun bheith ag obair faoi dheadhálaí ardcháilíochta, táirgiúla agus sláintiúla go dtí an aois dhlíthiúil scoir, agus fós cinntí na seanóirí chun leanúint de bheith gníomhach go heacnamaíoch ar feadh tréimhse níos faide, nó gan páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair a thuilleadh, a áirithiú. Ba cheart bearta sonracha a shainaithint i réimse dhéimeagrafaíocht an lucht saothair, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, bainistiú scileanna agus inniúlachtaí, eagrú na hoibre le haghaidh saol oibre **atá folláin agus táirgiúil, laistigh de chur chuige idirghlúine. D'éascódh sé sin an fhostaíocht le haghaidh daoine óga agus an t-aistriú luathscoir araon, in éineacht leis an aistriú eolais agus taithe ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile.** Ba cheart do na Ballstáit idirphlé cuiditheach a bhunú leis **na** comhpháirtithe sóisialta, le **heagraíochtaí den tsochaí sibhialta** agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile, **lena n-áirítear idirphlé díreach leo siúd atá i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiámh le linn seanaoise** agus céimniú isteach iomchuí ar **aon** athchóiriú a cheadú.**

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát
Tagairtí	COM(2020)0070 – C9-0079/2020 – 2020/0030(NLE)
Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú	6.3.2020
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 11.3.2020
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	José Gusmão 18.3.2020
Dáta an ghlaictha	23.6.2020
Toradh na vótála críochnaithí	+ : 46 - : 5 0 : 3
Feisirí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Atidzhe Alieva-Veli, Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Andrea Bocskor, Milan Brglez, Sylvie Brunet, David Casa, Leila Chaibi, Margarita de la Pisa Carrión, Klára Dobrev, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Rosa Estaràs Ferragut, Nicolaus Fest, Loucas Furlas, Cindy Franssen, Heléne Fritzon, Helmut Geuking, Alicia Homs Ginel, France Jamet, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Adam Kósa, Stelios Kypourouopoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Radka Maxová, Sandra Pereira, Dragoş Pişlaru, Manuel Pizarro, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Yana Toom, Marie-Pierre Vedrenne, Nikolaj Villumsen, Marianne Vind, Maria Walsh, Stefania Zambelli, Tatjana Ždanoka, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Anna Júlia Donáth, José Gusmão, Pierfrancesco Majorino, Kim Van Sparrentak
Dáta don chur síos	25.6.2020

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

46	+
ECR	Lucia Ďuriš Nicholsonová, Helmut Geuking, Elżbieta Rafalska, Beata Szydło
GUE/NGL	Leila Chaibi, José Gusmão, Nikolaj Villumsen
NI	Daniela Rondinelli
PPE	Andrea Bocskor, David Casa, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Loucas Furlas, Cindy Franssen, Radan Kanev, Stelios Kypouropoulos, Ādám Kósa, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Sylvie Brunet, Anna Júlia Donáth, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo, Yana Toom, Marie-Pierre Vedrenne
S&D	Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Klára Dobrev, Estrella Durá Ferrandis, Helène Fritzon, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Pierfrancesco Majorino, Manuel Pizarro, Marianne Vind
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Mounir Satouri, Kim Van Sparrentak, Tatjana Ždanoka

5	-
ID	Nicolaus Fest, France Jamet, Elena Lizzi, Guido Reil, Stefania Zambelli

3	0
ECR	Margarita de la Pisa Carrión
GUE/NGL	Sandra Pereira
Renew	Radka Maxová

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh